



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

Tuarascáil faoin
Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008
a Chuimsíonn an Tréimhse
1 Eanáir 2013 – 31 Nollaig 2014

Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm an tríú tuarascáil maidir le feidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2008, a chuimsíonn an tréimhse 2013 go 2014, a chur i láthair. Tá rialuithe onnmhairí an-tábhachtach don Roinn seo. Ní mór dár mbeartas um shaorthrádáil agus margaí oscailte bheith ag teacht le croíphrionsabail na slándála, na cobhsaíochta réigiúnaí agus chearta an duine atá mar bhunús do rialuithe onnmhairí.

Tá rún daingean agam trédhearcacht a chinntiú i bhfeidhmiú chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann. Chuige sin, foilsíonn an Roinn seo sonraí achoimre faoi onnmhairiú táirgí rialaithe ar shuíomh Gréasáin na Roinne, mar aon le tuarascálacha tréimhsiúla maidir le feidhmiú chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann. I dtuarascálacha atá foilsithe agam roimhe seo, tugadh faisnéis chúlra faoi fheidhmiú chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann. Sa tuarascáil seo, díritear ar na príomhfhorbairtí reachtacha agus ar an ngníomhaíocht ceadúnúcháin a bhí ann le linn na tréimhse atá á plé. Tugtar sonraí sa tuarascáil faoi iarratais ar cheadúnais agus faoi luach agus cheann scríbe na n-earraí ceadúnaithe. Tugtar sonraí sa tuarascáil freisin faoin obair a rinne oifigigh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach (AE) sa bhliain 2013 agus leagtar amach inti na smachtbhannaí trádála a tugadh isteach le linn na tréimhse.

D'fhonn a chinntiú go leanann Éire ar aghaidh leis na caighdeáin is airde rialúcháin onnmhairí a choinneáil ar bun, ba mhaith liom cuideachtaí a spreagadh nósanna imeachta cothrom le dáta um chomhlíonadh inmheánach a choinneáil i bhfeidhm agus leanúint lena ndea-chomhar leis an Aonad Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin sa Roinn seo.

Richard Bruton TD

An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Clár Ábhar

Clár Ábhar

Réamhrá ón Aire.....	2
Príomhfhorbairtí le linn na mblianta 2013 agus 2014.....	4
1. An Conradh Trádála Arm	4
2. Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh	5
3. Gníomhartha Tarmligthe agus Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide	7
4. Athruithe eile ar an reachtaíocht.....	8
5. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sna blianta 2013 agus 2014	10
7. Leathanach Gréasáin maidir le Rialú Onnmhairí.....	12
8. Treochtaí Staitistiúla	12
9. Diúltuithe	15
10. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe.....	17
Iarscríbhinn I - Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sa bhliain 2013 agus sa bhliain 2014.....	18
Iarscríbhinn II - Staitisticí 2013 agus 2014 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin	22

Príomhfhorbairtí le linn na mblianta 2013 agus 2014

Ceanglaítear leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008 go ndéanfaidh an tAire tuarascáil maidir le feidhmiú cúrsaí a thagann faoin Acht sa bhliain roimhe a ullmhú agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana.

Faisnéis chúlra faoi chomhthéacs chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann agus faoi riar an chórais sin, tá sí ar fáil i dtuarascálacha a foilsíodh roimhe seo maidir le feidhmiú chóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann. Tá na tuarascálacha sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag <https://www.djei.ie/en/What-We-Do/Trade-Investment/Export-Licences/Publications-and-Forms/>

Dírítear sa tuarascáil seo ar fhorbairtí agus ar athruithe i gcóras rialúcháin onnmhairí na hÉireann agus ar ghníomhaíocht ceadúnúcháin sa tír le linn na tréimhse a chuimsíonn an tuarascáil - 2013 agus 2014.

1. An Conradh Trádála Arm

Faoi mar a leagadh amach i dtuarascálacha roimhe seo, tá freagracht ar an Roinn seo as rialuithe ar ítimí míleata a onnmhairiú as Éirinn. An 2 Aibreán 2013, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Conradh Trádála Arm (CTA)¹, arb é an chéad Chonradh domhanda lena rialaítear an trádáil idirnáisiúnta i ngnáthairm.

Leis an gConradh, toirmisctear ar Stát onnmhairí arm a údarú sa chás gurb eol dó go n-úsáidfeair na hairm sin chun cindehíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta, sárúithe tromchúiseacha ar Choinbhinsiúin na Ginéive, 1949, nó coireanna cogaidh eile a choimisiúnú. Leis an gConradh freisin, leagtar oibleagáid ar Stáit íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go seolfar airm chuig na daoine míchearta nó chuig an margadh aindleathach agus leagtar oibleagáid orthu cloí le caighdeáin atá láidir, cuimsitheach agus ceangailteach le dlí.

Rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ionadaíocht d'Éirinn ag díospóireacht na Náisiún Aontaithe ar an gConradh, agus ionchur á fháil aici ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Bhí Éire ar cheann amháin de na chéad tíortha a shínigh CTA agus daingníodh an Conradh sa tír an 2 Aibreán 2014.

¹ <http://www.un.org/disarmament/ATT/>

Tháinig an Conradh i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014 agus tá Éire ag díriú anois ar chur chun feidhme láidir an Chonartha agus ar chomhlíonadh a fhorálacha uile a chinntiú. Tá an Roinn seo ag obair go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ina leith sin.

Is comhpháirteanna, in ionad trealamh míleata, iad na hítimí a onnmhairítear as Éirinn agus a rangáitear mar “earraí míleata” ó thaobh rialú onnmhairí de. I gcás na gceadúnas míleata a d’eisigh an Roinn go dtí seo le haghaidh airm a onnmhairiú, tá siad teoranta dóibh siúd a eisíodh do dhaoine aonair a raibh airm thine spóirt ina seilbh acu.

2. Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Cathaoirleacht a dhéanamh ar an Meitheal um Dhé-Úsáid

Is í an Mheitheal um Dhé-Úsáid (MDÚ) sa Bhruiséil a oibríonn chun forbairt a dhéanamh ar bheartas an AE maidir le hearraí dé-úsáide a onnmhairiú. Freastalaíonn Oifigigh na Roinne ar chruinnithe de chuid MDÚ. Le linn an chéad sé mhí den bhliain 2013, agus mar chuid d’Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ba iad oifigigh na Roinne a rinne cathaoirleacht ar MDÚ. Chuathas i gcomhairle le raon leathan ionadaithe as Ballstáit eile chun sainaitheint a dhéanamh ar thopaicí a mbeadh clár oibre dúshlánach do MDÚ ag gabháil leo le linn an téarma.

Le linn an téarma sin, dhírigh MDÚ go príomha ar thabhairt isteach gníomhartha tarmlichte² a chur ar aghaidh ar mhaithe le nuashonruithe rialta a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú (an “Rialachán Dé-Úsáide”). Cuireadh tús leis an bpróiseas sin sa bhliain 2011. Is éard atá sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide ná liosta na dtáirgí rialaithe dé-úsáide. Leagtar síos iontu freisin téarmaí na nÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas. Rinneadh díospóireacht fhorleathan ar an togra agus ar shaincheisteanna a tháinig as an togra le linn cruinnithe de chuid MDÚ sa tréimhse. Chomh maith leis sin, tháinig oifigigh na Roinne le chéile le hoifigigh shinsearacha ón gCoimisiún Eorpach agus ón gComhairle agus le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa chun plé a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla de thogra

² Féach rannán 3, leathanach 7

na ngníomhartha tarmligthe. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn théarma Uachtaránacht na hÉireann ar an AE agus, de réir mar a tháinig an téarma chun deiridh, tionóladh cruinnithe le hoifigigh Liotuánacha chun aistriú réidh an ról mar chathaoirleach ar MDÚ a chinntiú le linn Uachtaránacht na Liotuáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Chomh maith leis sin, d'fhreastail ionadaithe na Roinne ar roinnt cruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid le linn na mblianta 2013 agus 2014. Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann cathaoirleacht ar na cruinnithe sin, arna mbunú faoi Airteagal 23 den Rialachán Dé-Úsáide. Tá na cruinnithe ina bhfóram luachmhar inar féidir plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Dé-Úsáide ar fud na mBallstát, ag cinntiú go gcuireann na Ballstáit uile an Rialachán i bhfeidhm ar bhealach atá cothrom agus comhsheasmhach.

Cuairt piaraí

Taobh le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, rinne an Coimisiún Eorpach agus oifigigh na Roinne comhchathaoirleacht ar Chuairt Piaráí ón nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid. Tionóladh an cruinniú thar thréimhse dhá lá go luath i mí na Bealtaine i dTeach Farmleigh. Tugann Cuairteanna Piaráí deis don Ghrúpa topaicí áirithe a bhaineann le rialú onnmhairí a phlé ar bhealach níos mine ná mar is féidir ag gnáthchruinnithe.

Thug an cruinniú deis don Ghrúpa tuairimí a chur in iúl ar an athbhreithniú beartais ar rialuithe onnmhairí dé-úsáide atá á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach³. Pléadh raon topaicí difriúla a chuimsítear san athbhreithniú beartais lena linn agus thug na Ballstáit cur i láthair inar tarraingíodh aird ar ghnéithe éagsúla den bheartas rialúcháin onnmhairí ar cheart iad a chur san áireamh mar chuid den mhór-athbhreithniú beartais.

Comhdháil maidir le rialú onnmhairí

Ag teacht sna sála ar an rath a bhí ar an gCuairt Piaráí, rinne an Roinn comhchathaoirleacht ar “Comhdháil maidir le Rialú Straitéiseach Onnmhairí 2013”. D’eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an Roinn an chomhdháil i gcomhpháirt le chéile agus tionóladh sa Bhruiséil í an 26 Meitheamh 2013. D’fhreastail 260 duine ar an gcomhdháil, lena áiríodh ionadaithe ó

³ Féach rannán 6, leathanach 10

phríomhchomhlachais thionsclaíocha agus ó mhórchuideachtaí, ón tsochaí shibhialta agus ón saol acadúil, ó údaráis na mBallstát agus ó Institiúidí Eorpacha.

Thug Karl De Gucht, Coimisinéir Eorpach um Thrádáil ag an am, agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa aitheasc mar chuid den chomhdháil freisin. Bhí an chomhdháil ina cloch mhíle eile san athbhreithniú beartais ar rialuithe onnmhairí agus tugadh deis lena linn plé a dhéanamh ar shaincheisteanna tráthúla a bhaineann le rialú onnmhairí agus ar na roghanna atá ann maidir le córas rialúcháin onnmhairí an AE a chur in oiriúint do chúinsí teicneolaíochta, geilleagracha agus polaitiúla a bhíonn ag athrú go tapa.

3. Gníomhartha Tarmligthe agus Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide

Is é an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear onnmhairiú ítimí dé-úsáide as an Eoraip ná Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú (an “Rialachán Dé-Úsáide”). Liosta na n-ítimí atá leagtha amach in Iarscríbhinn I agus a rialaítear iad leis an Rialachán seo, is gá é a leasú ar bhonn rialta chun aird a thabhairt ar athruithe arna ndéanamh ag córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí ar liostaí rialaithe. Roimh an mbliain 2014, rinneadh an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán a leasú le gnáthnós imeachta reachtach, rud ar nós imeachta casta agus liopasta é.

Gníomhartha Tarmligthe

Sa bhliain 2014, rinneadh athrú suntasach ar chóras rialúcháin onnmhairí an AE nuair a tugadh gníomhartha tarmligthe isteach maidir le nuashonruithe rialta tráthúla a dhéanamh, trí ghníomhartha tarmligthe an Choimisiúin Eorpaigh, ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide. A bhuí leis an athrú sin, bhíothas in ann cumhacht a tharmligeán chuig an gCoimisiún Liosta Rialaithe an AE a nuashonrú. Cinntíonn an tarmligeán sin go nuashonraítear liostaí rialaithe an AE go pras chun a áirithiú go gcomhlíontar ina n-iomláine gealltanais arna ndéanamh ag na Ballstáit laistigh de na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí agus chun iomaíochas oibreoirí eacnamaíoch an AE a chothú. A bhuí leis na hathruithe níos imeachta sin freisin, tugtar de chumhacht don Choimisiún ‘cinn scríbe’ (i.e. tíortha) a bhaint de liosta na dtíortha atá ag baint tairbhe as Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas (ÚGOAnna) – liosta atá le fáil in Iarscríbhinn II – d’fhonn

freastal ar fhreagairt thapa ón AE do chúinsí idirnáisiúnta agus d'fhonn a chinntiú nach gcumhdaítear leis na húdairithe sin ach idirbhearta lena mbaineann ísealriosca.

Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1382/2014 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú, tháinig sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2014 agus nuashonraítear leis liosta rialaithe an AE chun cinntí a rinneadh i gcórais rialúcháin onnmhairí sna blianta 2011, 2012 agus 2013 a léiriú. Leis an Rialachán, cuireadh roinnt rudaí leis na nótaí agus leis na sainmhínithe a úsáidtear in Iarscríbhinn I, áit a liostaítear na hítimí is gá a rialú. Ba leis an Rialachán freisin a scriosadh roinnt rudaí as na nótaí agus as na sainmhínithe agus a rinneadh roinnt leasuithe orthu.

4. Athruithe eile ar an reachtaíocht

An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) (Leasú) 2013

Rinne an tAire Richard Bruton TD [I.R. Uimh. 242/2013, an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú \(Ítimí Dé-Úsáide\) \(Leasú\) 2013](#), a shíniú mar dhlí an 1 Iúil 2013. Léirítear san Ordú dhá leasú a rinneadh roimhe sin ar an Rialachán Dé-Úsáide, ba iad sin, Rialachán (AE) Uimh. 1232/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Le Rialachán (AE) Uimh. 1232/2011, tugadh isteach cúig Údarú Ghinearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas (ÚGOAnna). Le Rialachán (AE) Uimh. 1232/2011 freisin, rinneadh athruithe ar fhógraí diúltaithe a chomhroinnt idir na Ballstáit agus ar na tuarascálacha maidir le rialuithe onnmhairí dé-úsáide a chuireann an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

Rialachán (AE) Uimh. 388/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú, tháinig sé i bhfeidhm le linn na bliana 2012 agus nuashonraíodh leis Iarscríbhinn na n-ítimí atá faoi réir rialú onnmhairí ar mhaithe le hathruithe a comhaontaíodh sna córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí le linn na mblianta 2009 agus 2010 a léiriú.

Tá sonraí faoin dá Rialacháin ar fáil sa tuarascáil faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008 a Chuimsíonn an Tréimhse 1 Eanáir 2011 – 31 Nollaig 2012⁴.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal)

Is é cuspóir na Rialachán sin ná simpliú a dhéanamh ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Le I.R. Uimh. 346 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) 2011, tugtar éifeacht don Treoir sin i ndlí na hÉireann.

Toisc go nuashonraítear go rialta an liosta táirgí a chumhdaítear le Treoir 2009/43/CEE, is é sin, “Comhliosta Míleata an AE”, foilsítear treoracha nua gach bliain. Tá Ionstraimí Reachtúla ag teastáil chun éifeacht a thabhairt do na treoracha agus do na liostaí leasaithe sin. Le I.R. Uimh. 87 de 2013 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2013 – cuireadh an liosta leasaithe agus an treoir leasaithe a foilsíodh sa bhliain 2013 chun feidhme. Le I.R. Uimh. 176 de 2014 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2014 – tugadh éifeacht don liosta leasaithe agus don treoir leasaithe a foilsíodh sa bhliain 2014.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 775/2014 ón gCoimisiún maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh pionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach – “An Rialachán Céastóireachta”

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na n-earraí atá faoi réir rialaithe, ba sa Rialachán sin a cuireadh chun feidhme liostaí leasaithe earraí atá faoi réir toirmisc allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus ceanglais údarúcháin onnmhairiúcháin. Áiríodh leis na hathruithe sin leathnú a dhéanamh ar raon na n-earraí a rialaítear le ceanglas ceadúnúcháin, agus atá faoi

⁴ <https://www.djei.ie/en/Publications/Report-under-the-Control-of-Exports-Act-2008-Covering-the-Period-1-January-2011-%E2%80%93-31-December-2012.html>

réir ceanglas ceadúnúcháin, de bhun an Rialacháin, amhail feistí a úsáidtear chun substaintí ceimiceacha lena ndéantar daoine a éagumasú nó a ghreannú a scaipeadh, agus earraí a thoirmisctear leis an Rialachán, amhail cathaoireacha srianta, a chuimsiú sa liosta. Tá éifeacht dhíreach ag an Rialachán.

Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí faoi mar a cheanglaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

Ní bhfuarthas aon iarratais ar cheadúnas faoi na Rialacháin Chéastóireachta sa tréimhse atá á plé ná ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005.

5. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sna blianta 2013 agus 2014

Faoi mar a leagadh amach i dtuarascálacha roimhe seo, is é is smachtbhannaí (dá ngairtear bearta sriantacha uaireanta) ann ná ionstraimí a úsáideann an AE chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó ar ghníomhaíochtaí i dtíortha eile. Mar shampla, dul i ngleic le sárúithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine, nó dul i ngleic le beartais nach n-urramaíonn riail an dlí ná prionsabail dhaonlathacha. Baintear leas as smachtbhannaí, agus iad i measc na raidhse ionstraimí polaitiúla atá ann, chun luachanna agus cuspóirí an AE a chur chun cinn.

Thug an tAontas Eorpach roinnt smachtbhannaí nua isteach le linn na mblianta 2013 agus 2014 mar fhreagairt d'ábhair inní idirnáisiúnta, mar shampla, ábhair inní faoi choimhlint réigiúnach agus faoi chearta an duine. Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil i ndáil leis na gnéithe trádála de smachtbhannaí an AE a bhaineann, mar shampla, le trádáil leis an Iaráin, leis an tSiria agus le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Rinneadh roinnt Rialacháin nua le linn na mblianta 2013 agus 2014 chun foráil a dhéanamh do phionóis sa dlí náisiúnta mar gheall ar shárúithe ar smachtbhannaí an AE. Leagtar amach sonraí ar na Rialacháin sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Mar aon leis an ngníomhaíocht ceadúnúcháin atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo, d'eisigh an Roinn 140 ceadúnas le linn na bliana 2014 faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha de bhun

bhearta na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú. Le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle, forchuirtear ceanglas ceadúnúcháin maidir le trealamh áirithe a bhaineann le fuinneamh a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán. Eisíodh formhór na gceadúnas i leith táirgí mianadóireachta lena n-úsáid i mianaigh mhianraí crua (mianaigh ghuail agus mianaigh mhianta miotail).

6. Athbhreithniú Beartais ar Rialuithe Onnmhairí

Faoi mar a leagadh amach sa tuarascáil a chuimsíonn an tréimhse 2011 – 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Páipéar Uaine dar teideal “Córas rialúcháin onnmhairí dé-úsáide an Aontais Eorpaigh: slándáil agus iomaíochas a chinntiú i ndomhan atá ag athrú” i mí an Mheithimh 2011. Sheol an Coimisiún Eorpach an próiseas comhairliúcháin chun tús a chur le díospóireacht leathan phoiblí ar fheidhmiú chóras rialúcháin onnmhairí dé-úsáide an AE agus chun “cabhrú le láidreachtaí agus le laigí an chórais atá ann cheana a aithint agus fíis níos fadtéarmaí a phleanáil do chreat rialúcháin onnmhairí an AE”. Ba é rún an Choimisiúin Eorpaigh ná go n-aistreofaí torthaí na físe sin ina leasuithe nithiúla ar an gcóras atá ann cheana agus go n-ullmhófaí straitéis fhadtéarmach i leith rialuithe onnmhairí a fhorbairt san AE.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach anailís sa bhliain 2013 ar na freagraí a fuarthas ar fud an AE i dtaca leis an gcomhairliúchán. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre, sainithníodh na príomh-shaincheistanna ar ardaigh breis agus 100 geallsealbhóir iad, lenar áiríodh a gcuid tuairimí maidir le haistriú féideartha i dtreo córas níos comhtháite rialúcháin onnmhairí a thabhairt isteach san AE, rud a chinnteodh slándáil agus cothrom iomaíochta níos fearr. Rinneadh tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a ghlacadh an 16 Deireadh Fómhair 2013. B'ionann é sin agus an dara céim den phróiseas athbhreithniúcháin.

I mí Aibreáin 2014, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht inar leagadh amach an treo do rialuithe onnmhairí an AE agus inar sainithníodh na roghanna beartais atá ann maidir lena nuachóiriú. Tionóladh Fóram an Tionscail Rialúcháin Onnmhairí i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus pléadh na roghanna éagsúla athbhreithniúcháin atá leagtha amach sa

Teachtairacht lena linn. Táimid ag súil go gcuirfear tograí reachtacha ar aghaidh le linn na bliana 2016.

7. Leathanach Gréasáin maidir le Rialú Onnmhairí

Cuireadh athbhreithniú ar leathanach Gréasáin an Aonaid Cheadúnúcháin Onnmhairiúcháin i gcrích sa bhliain 2013. Bhí struchtúr athbhreithnithe aige le haghaidh faisnéis faoi cheadúnú onnmhairiúcháin a cuireadh ar fáil don phobal i mí na Bealtaine a chur i láthair. Cuirtear ar fáil ar an leathanach Gréasáin rochtain réidh ar fhaisnéis ábhartha, ar cheisteanna coitianta, ar reachtaíocht, ar fhoilseacháin agus ar an gCóras Iarratais ar Líne ar Cheadúnas Onnmhairiúcháin (OELAS).

8. Treochtaí Staitistiúla

Leagtar amach sa tábla thíos faisnéis achoimre ar líon agus ar luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn na mblianta 2013 agus 2014. Leagtar faisnéis staitistiúil níos mionsonraithe amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Cineál Ceadúnais	Líon na gCeadúnas de réir Bliana		Luach na gCeadúnas de réir Bliana €000	
	2014	2013	2014	2013
Dé-Úsáid Aonair	680	753	446,084	324,192
Dé-Úsáid Dhomhanda	18	15	638,013	1,006,436
Míleata	95	108	86,218	61,825
IOMLÁN	793	876	1,170,315	1,392,453

Luach na gCeadúnas

I gcás ceadúnais dé-úsáide aonair agus ceadúnais mhíleata, ní gá go léiríonn luach an cheadúnais luach iarbhír na n-earraí arna n-onnmhairiú faoin gceadúnas sin. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le freagairt go gasta do riachtanais shlabhra an tsoláthair, is féidir go ndéanfaidh cuideachtaí áirithe luach an ghnó athuaire lena bhfuiltear ag súil a chur ar áireamh san iarratas bunaidh, cé go bhfuil baol ann nach dtiocfaidh an gnó athuaire sin chun cinn. Dá

réir sin, tá seans ann gur ísle luach iarbhír na n-onnmhairí arna ndéanamh faoi na ceadúnais sin ná an t-aghaidhluach a cheadaítear faoin gceadúnas onnmhairiúcháin lena mbaineann.

D'fhonn faisnéis níos cruinne faoi ghníomhaíocht ceadúnúcháin a chur ar fáil, cuireadh riachtanais athbhreithnithe tuairiscithe ar cheadúnais dhomhanda i bhfeidhm ón mbliain 2013 ar aghaidh. Baineann luach na gceadúnas a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo i leith ceadúnais dhomhanda dé-úsáide leis na honnmhairí iarbhír a tuairiscíodh i leith gach ceadúnais dhomhanda a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2013 agus sa bhliain 2014. Cuireadh ar fáil i dtuarascálacha roimhe seo sonraí faoi luachanna na gceadúnas domhanda dé-úsáide sin.

Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair

Eisíodh 753 ceadúnas dé-úsáide aonair sa bhliain 2013, rud arbh ionann é agus méadú 7% ar líon na gceadúnas a eisíodh sa bhliain 2012. Bhí difríochtaí le sonraí i raon catagóirí ceadúnais. Bhí luachanna na n-onnmhairí ar cheadúnais a eisíodh sa bhliain 2013 42% ní b'airde ná a luachanna sa bhliain 2012. Tháinig an méadú sin go príomha as an méadú a bhí ann i dtáirgí chatagóir 5⁵.

Eisíodh 680 ceadúnas dé-úsáide aonair sa bhliain 2014, rud arbh ionann é agus laghdú 10% ar líon na gceadúnas a eisíodh sa bhliain 2013. Tháinig an laghdú sin chun cinn go príomha i leith cheadúnais chatagóir 5⁶ agus ceadúnais uileghabhálacha⁶. Bhí luachanna na n-onnmhairí ar cheadúnais a eisíodh sa bhliain 2014 38% ní b'airde ná a luachanna sa bhliain 2013. Tháinig an méadú sin go príomha as an méadú a bhí ann i dtáirgí chatagóir 5⁶.

Ceadúnais Dé-Úsáide Domhanda

Tugann ceadúnais onnmhairiúcháin de-úsáide domhanda níos mó solúbthacht riaracháin d'onnmhaireoirí ná a thugann ceadúnais onnmhairiúcháin aonair. Is féidir iad a úsáid chun clúdach a dhéanamh ar lastais earraí agus teicneolaíochta a liostaítear ar an gceadúnas go dtí na tíortha is cinn scríbe a liostaítear ar an gceadúnas. Eisítear ceadúnais dhomhanda dé-úsáide do chuideachtaí ag a mbíonn líon an-ard onnmhairí lena mbaineann riosca réasúnta íseal. Eisítear na ceadúnais sin faoi réir roinnt coinníollacha dochta, amhail toirmeasc ar a n-úsáid le haghaidh onnmhairí chuig úsáideoirí deiridh is airm, is póilíní agus is fórsaí slándála Stáit.

⁵ Teileachumarsáid agus trealamh agus comhphárteanna slándála faisnéise - féach Iarscríbhinn IV le haghaidh liosta catagóirí rialúcháin

⁶ Ítimí neamhrialaithe dé-úsáide mar a thuairiscítear iad in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle

Ní mór do shealbhóirí ceadúnais dhomhanda iarratas ar cheadúnas dé-úsáide aonair a chur isteach sa chás go bhfuil sé ar intinn acu onnmhairiú chuig an gcatagóir úsáideoir deiridh sin.

Leanadh sa bhliain 2013 le próiseas a tosaíodh sa bhliain 2012 chun líon na gceadúnas domhanda atá á sealbhú ag onnmhaireoirí a chuíchóiriú agus a chónascadh. Laghdaigh an líon iomlán ó 23 ceadúnas a eisíodh sa bhliain 2012 go 15 cheadúnas a bhíodhas ag úsáid sa bhliain 2013. Bhíodhas ag úsáid 18 gceadúnas dhomhanda sa bhliain 2014.

B'ionann agus €1,006 milliún luach iarbhír na n-onnmhairí a tuairiscíodh faoi cheadúnais dhomhanda don bhliain 2013. Ní féidir an figiúr sin a chur i gcomparáid le luachanna a cuireadh ar fáil i dtuarascálacha roimhe seo, luachanna a léirigh an luach measta a cuireadh ar fáil ar iarratais ar cheadúnais dhomhanda⁷ in ionad luach iarbhír na n-onnmhairí a léiriú. Tugtar faisnéis níos ábhartha i luach iarbhír na n-onnmhairí, rud a mheastar a bheith níos úsáidí chun críche comparáid a dhéanamh.

Tháinig laghdú 36% ar líon na n-onnmhairí faoi cheadúnas domhanda idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2014. B'ionann an luach iomlán sa bhliain 2014 agus €638m. Tá an laghdú ar luach na n-onnmhairí sa bhliain 2014 inchurtha go príomha i leith onnmhairí laghdaithe laistigh den chuideachta ag cuideachta amháin.

Luaineachtaí airgeadra

Ceanglaítear ar shealbhóirí ceadúnais tuairiscí ceadúnais dhomhanda a chur isteach ina léirítear na luachanna in Euro. Ós rud é, áfach, go bhfuil lear mór sealbhóirí ceadúnais ag oibriú ar fud an domhain agus ag próiseáil idirbheart in airgeadraí éagsúla, ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir le hathruithe ar luach an Euro thar thréimhse ar leith na luachanna a thuairiscítear don Roinn a athrú.

⁷ Rinne onnmhaireoirí meastachán ar na luachanna ar na ceadúnais dhomhanda tráth an iarratais. Ní rabhtas in ann difríochtaí áirithe a sheachaint mar gheall, mar shampla, ar aistriú sealadach innealra laistigh de ghrúpaí nó ar chásanna inar cuireadh gnó athuair lena rabhtas ag súil agus nár tháinig chun cinn san áireamh i luach an iarratais. Ina theannta sin, bíonn cuideachtaí faoi réir athruithe rialta ar liostaí na dtáirgí rialaithe. Mar thoradh ar athbheithnithe ar liostaí na dtáirgí rialaithe, is féidir go mbainfear táirgí den liosta agus nach gceanglófar ar chuideachtaí a raibh ceadúnais onnmhairiúcháin ag teastáil uathu roimhe sin dul i mbun an chórais cheadúnúcháin. Is féidir freisin go mbeidh laghdú ann ar líon na dtáirgí atá faoi réir rialaithe.

Ceadúnais Mhíleata

Tháinig laghdú ar líon na gceadúnas míleata a eisíodh ó 129 ceadúnas sa bhliain 2012 go 108 ceadúnas sa bhliain 2013 agus ansin go 95 ceadúnas sa bhliain 2014. Ba faoi 31% a mhéadaigh luach na n-onnmhairí ar cheadúnais a eisíodh, ó €47m sa bhliain 2012 go €62m sa bhliain 2013. Mhéadaigh sé faoi 39% eile go €86m sa bhliain 2014.

Is fiú a thabhairt faoi deara go gcuimsíonn rialuithe ceadúnúcháin earraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata agus comhpháirteanna d'ítimí den sórt sin. Bhí comhpháirteanna, seachas earraí críochnaithe, i gceist le ceadúnais a eisíodh d'earraí míleata sna blianta 2013 agus 2014. Chomh maith leis sin, eisíodh líon suntasach ceadúnas míleata do dhaoine aonair a raibh airm thine spóirt ina seilbh acu agus do chuideachtaí a bhí i mbun gníomhaíocht mhianadóireachta. Ina theannta sin, toisc gur réasúnta beag atá an grúpa onnmhaireoirí earraí míleata agus teicneolaíochta míleata in Éirinn, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil baol ann go bhféadfadh athrú sna riachtanais cheadúnais atá ag onnmhaireoir amháin nó dhó tionchar suntasach a imirt ar na staitisticí.

Comhiomlánú Sonraí Staitistiúla

Sa tuarascáil seo ar fheidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú, féachtar leis an oiread trédhearcachta agus is féidir a chur ar fáil ar luach na gceadúnas, ar líon na gceadúnas, ar chinn scríbe agus ar chatagóirí táirge i ndáil le táirgí dé-úsáide agus míleata.

Mar gheall ar na híogaireachtaí tráchtála agus ar an líon réasúnta beag de shealbhóirí ceadúnais, áfach, bhí gá le sonraí a chomhiomlánú nuair a bhíodhas ag tuairisciú ar onnmhairí faoi cheannteidil áirithe.

9. Diúltuithe

Is é is aidhm don phróiseas ceadúnúcháin onnmhairí a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh a shonraítear an ítim le haghaidh na húsáide deiridh atá sonraithe, agus nach n-úsáidfear í le haghaidh cuspóir neamhcheadaithe, e.g. lena húsáid i dtaobh airm ollscriosta. Éascaíonn na cosaintí a chuirtear san áireamh sa chóras ceadúnúcháin seiceálacha agus cros-seiceálacha láidre ina leith sin.

Féadfaidh an Roinn ceadúnas onnmhairí a dhiúltú, tar éis di dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le húdaráis cheadúnúcháin onnmhairí

eile idirnáisiúnta agus de chuid an AE de réir mar is cuí, agus tar éis di aird a thabhairt ar na breithniúcháin a leagtar amach thíos.

Ceisteanna a Chuirtear san Áireamh agus Cinneadh á Dhéanamh ar Cheadúnas a Dheonú/a Dhiúltú

Na ceisteanna a chuirtear san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu a dheonófar nó a dhiúltófar ceadúnas dé-úsáide aonair nó ceadúnas domhanda dé-úsáide, leagtar amach iad in Airteagal 12 de Rialachán Dé-Úsáide 428/2009. Déantar foráil leis go dtabharfaidh Ballstáit aird ar “gach breithniúchán ábhartha, lena n-áirítear”:

- (a) na dualgais agus na ceangaltais ar ghlac siad leo mar bhaill de na córais neamhiomadúcháin agus de na comhshocraíochtaí rialúcháin onnmhairí idirnáisiúnta ábhartha, nó trí dhaingniú na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha;
- (b) a gcuid dualgas faoi smachtbhannaí arna bhforchur ag comhsheasamh nó ag comhghníomh a ghlac an Chomhairle nó trí chinneadh Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándaíl agus Chomhoibriú san Eoraip (ENASCE) nó trí rún ceangailteach Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- (c) ceisteanna a bhaineann le beartas náisiúnta i leith cúrsaí eachtracha agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh Uimh. 2008/944/CFSP ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha a rialaíonn rialúchán onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata;
- (d) ceisteanna a bhaineann leis an úsáid deiridh atá ceaptha agus leis an mbaol atreoraithe.

Sa Chomhsheasamh dá dtagraítear ag pointe (c) thuas, leagtar amach na gnáthchritéir ar cheart iarratais ar onnmhairí earraí míleata a mheas ina n-aghaidh. Is iad seo a leanas:

Critéar a hAon: Meas ar oibleagáidí agus ghealltanais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe na smachtbhannaí a ghlac Comhairle Slándála na NA nó an tAontas Eorpach, comhaontuithe ar neamhiomadú agus ar ábhair eile, agus oibleagáidí idirnáisiúnta eile freisin.

Critéar a Dó: Meas ar chearta an duine i dtír an chinn scríbe deiridh agus meas a bheith ag an tír sin ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Critéar a Trí: Staid inmheánach thír an chinn scríbe deiridh, mar fheidhm go bhfuil teannas nó coimhlintí airm ann.

Critéar a Ceathair: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar a Cúig: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcíoch a bhfuil freagracht ar Bhallstát as a caidreamh seachtrach, chomh maith le slándáil náisiúnta tíortha atá cairdiúil agus comhghuaillithe leo.

Critéar a Sé: Iompar na tíre is ceannaí maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, i ndáil lena dearcadh i leith sceimhlitheoireachta, le cineál a comhghuaillíochtaí agus lena meas ar an dlí idirnáisiúnta go háirithe.

